


Gaeltacht.Net

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shuíomh nua idirlín. Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaelge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

1. *function* _____
2. *research* _____
3. *social network* _____
4. *abroad* _____
5. *registered* _____
6. *participants* _____
7. *build, create* _____
8. *foster, cultivate* _____
9. *beginners* _____
10. *conversation circle* _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.



Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén áit ar seoladh an tionscadal nua?
2. Cé orthu a bhfuil an tionscadal dírithe?
3. Cé hé Rónán Ó Conghaile agus cad a dúirt sé faoi chuspóir an tsuímh?
4. Cá fhad a mhairfidh an cúrsa agus cad iad na tascanna éagsúla a bhaineann leis?
5. Dúradh go bhfuil an cúrsa ar an suíomh *Gaeltacht.Net* níos fearr ná Duolingo. Cén fáth?

Ceist 3 Féach ar an gcéad chuid den mhír arís agus líon isteach gach séimhiú atá in easnamh sa téacs thíos:

VIFAX 10 Deireadh Fómhair 2019
Meánleibhéal

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Seoladh tionscadal taighde nua, *Gaeltacht.Net* in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu. Is é an fheidhm atá leis an togra ná líonra sóisialta a chur ar fáil do daoine thar lear atá ag foghlaim Gaeilge, le go mbeidh siad in ann cur lena gcumas cainte, agus aithne a chur ar daoine eile atá ag foghlaim na teanga.

Aodhán Ó Maoileoin

Beagnach cúig céad duine atá cláraithe ó maidin ar an suíomh nua, *Gaeltacht.Net*. Togra taighde a thugann deis do daoine thar lear Gaeilge a fhoghlaim. Mar cuid den togra tá rogha idir trí cúrsa dhifriúla, ag brath ar cumas na rannpháirtithe. Deir bunaitheoir an tsuímh, Rónán Ó Conghaile go bhfuil easpa tacaíochta acu siúd atá ag iarraidh teangacha a fhoghlaim nuair atá siad thar sáile. Agus, go dtugann *Gaeltacht.Net* deis do daoine cur lena gcumas mar go mbeidh siad in ann comhrá a bheith acu le foghlaimoirí eile.

An féidir leat cúis an tséimhithe sna samplaí a mhíniú? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

Ceist 4 ‘...dóibh...’, agus ‘...acu...’

Cén ghné den ghramadach lena mbaineann na focail thuas?

Líon na bearnaí sa bhosca anois.

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir.)	3ú uatha (bain.)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
do							dóibh
ag							acu
roimh							
de							

Ceist 5 ‘...Bhur gcéad fáilte ar ais...’

Cén Ghaeilge atá ar na nathanna seo a leanas:

Welcome!
You are welcome.
Don't mention it.
Goodbye.
Of course.
Are you serious?

Ceist 6 Feasacht Teanga

An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach fút féin? Pléigh do chuid freagraí leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Is breá liom Gaeilge a labhairt.
2. Labhraím Gaeilge le mo theaghlach.
3. Labhraím Gaeilge le mo chuid cairde.
4. Ní maith liom focail nua a fhoghlaim.

VIFAX 10 Deireadh Fómhair 2019
Meánleibhéal

5. Ní dóigh liom go bhfuil gramadach na Gaeilge chomh deacair sin.
6. Tá barraíocht béime ar na canúintí sa Ghaeilge.
7. Tá lámh mhaith agam ar na canúintí ar fad.
8. Léim i nGaeilge go laethúil.
9. Éistim le nó féachaim ar chlár Ghaeilge go minic.
10. Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach de m'fhéiniúlacht.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. <i>function</i>	feidhm
2. <i>research</i>	taighde
3. <i>social network</i>	líonra sóisialta
4. <i>abroad</i>	thar lear/thar sáile
5. <i>registered</i>	cláraithe
6. <i>participants</i>	rannpháirtithe
7. <i>build, create</i>	cruthaigh
8. <i>foster, cultivate</i>	cothaigh
9. <i>beginners</i>	tosaitheoirí
10. <i>conversation circle</i>	ciorcal comhrá

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Seoladh tionscadal taighde nua, *Gaeltacht.Net* in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu. Is é an fheidhm atá leis an togra ná líonra sóisialta a chur ar fáil do dhaoine thar lear atá ag foghlaim Gaeilge, le go mbeidh siad in ann cur lena gcumas cainte, agus aithne a chur ar dhaoine eile atá ag foghlaim na teanga.

Aodhán Ó Maoileoin

Beagnach cúig chéad duine atá cláraithe ó mhaidin ar an suíomh nua, *Gaeltacht.Net*. Togra taighde a thugann deis do dhaoine thar lear Gaeilge a fhoghlaim. Mar chuid den togra tá rogha idir trí chúrsa dhifriúla, ag brath ar chumas na rannpháirtithe. Deir bunaitheoir an tsuímh, Rónán Ó Conghaile go bhfuil easpa tacaíochta acu siúd atá ag iarraidh teangacha a fhoghlaim nuair atá siad thar sáile. Agus, go dtugann *Gaeltacht.Net* deis do dhaoine cur lena gcumas mar go mbeidh siad in ann comhrá a bheith acu le foghlaimeoirí eile.

- Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail tar éis na réamhfhocail shimplí **do, ar, ó, mar**.
do dhaoine, ó mhaidin, mar chuid, ar chumas.
- Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail rialta a thosaíonn le consan tar éis na mbunuihmreacha 2 – 6: *cúig chéad, trí chúrsa.*

Ceist 4

Is forainmneacha réamhfhoclacha iad.

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir.)	3ú uatha (bain.)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
do	dom	duit	dó	dí	dúinn	daoibh	dóibh
ag	agam	agat	aige	aici	againn	agaibh	acu
roimh	romham	romhat	roimhe	roimpi	romhainn	romhaibh	rompu
de	díom	díot	de	dí	dínn	díbh	díobh

Ceist 5

Welcome! – fáilte, céad míle fáilte!

You are welcome – tá fáilte romhat, is é do bheatha.

Don't mention it – ná habair é, go ndéana a mhaith duit.

Goodbye – slán go fóill, slán leat (le duine atá ag imeacht), slán agat (ag fágáil duine i do dhiaidh)

Of course – cinnte, ar ndóigh.

Are you serious – an bhfuil tú i ndáiríre?

Ceist 6

Is féidir triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ráitis a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Seoladh tionscadal taighde nua, *Gaeltacht.Net* in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu. Is é an fheidhm atá leis an togra ná líonra sóisialta a chur ar fáil do dhaoine thar lear atá ag foghlaim Gaeilge, le go mbeidh siad in ann cur lena gcumas cainte, agus aithne a chur ar dhaoine eile atá ag foghlaim na teanga.

Aodhán Ó Maoileoin

Beagnach cúig chéad duine atá cláraithe ó mhaidin, ar an suíomh nua, *Gaeltacht.Net*. Togra taighde a thugann deis do dhaoine thar lear Gaeilge a fhoghlaim. Mar chuid den togra tá rogha idir trí chúrsa dhifriúla, ag brath ar chumas na rannpháirtithe. Deir bunaitheoir an tsuímh, Rónán Ó Conghaile go bhfuil easpa tacaíochta acu siúd atá ag iarraidh teangacha a fhoghlaim nuair atá siad thar sáile. Agus, go dtugann *Gaeltacht.Net* deis do dhaoine cur lena gcumas mar go mbeidh siad in ann comhrá a bheith acu le foghlaimoirí eile.

Rónán Ó Conghaile, Gaeltacht.Net

Tuigimse go bhfuil easpa deiseanna ag daoine thar sáile a bheith ag caint i nGaeilge, a bheith ag cleachtadh a gcuid scileanna, agus a bheith ag comhoibriú le daoine eile. So, sin an fáth gurb é¹ an nós nó an cuspóir atá ag *Gaeltacht.Net* ná – ceangail, cruthaigh, cothaigh – ionas go mbíonn² daoine ábalta ceangal le chéile, go mbíonn siad ábalta a bheith ag cumarsáid agus ag cruthú as Gaeilge agus go mbíonn seans acu comhoibriú agus a bheith ag cothú comhphobail ar líne.

Caithfidh tú smaoineamh nach bhfuil an comhluadar nó an comhphobal sin ann do na tosaitheoirí thar lear. Agus, tá siad ag iarraidh teacht ar líne agus ceangal le daoine le scileanna teanga atá níos fearr sa Ghaeilge agus seans a thabhairt dóibh a bheith ag éirí níos fearr agus a bheith ag cleachtadh.

Aodhán Ó Maoileoin

Ceithre seachtaine a mhairfidh an cúrsa. Agus, tabharfaidh na rannpháirtithe faoi thascanna difriúla gach uile lá – scríobh, léamh agus ciorcal comhrá ina measc.

Pádhraic Ó Fathaigh

Dúirt sé go raibh sé níos fearr ná *Duolingo* mar tá tú in ann labhairt le daoine agus tá tú in ann an chanúint a chloisteáil. Ach seo daoine atá beo agus tá tú i ngrúpaí ar nós grúpa ciorcail comhrá agus mar sin.

Aodhán Ó Maoileoin

Daoine as Meiriceá agus as Ceanada is mó atá cláraithe ar shuíomh *Gaeltacht.Net*, atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

¹ go bhfuil a dúradh

² go bhfuil a dúradh (faoi thrí) ach is í an aimsir ghnáthláithreach a theastaíonn san abairt seo